



An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15986/23

DEVGEN 218	DIGIT 280
FIN 1246	COLAC 155
ACP 125	COEST 639
RELEX 1390	SAN 700
MIGR 418	GENDER 210
SUSTDEV 154	CLIMA 597
COHOM 223	ENER 640
COAFR 422	MAMA 176
COASI 208	

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 717 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le cur chun feidhme Ionstraimí Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2022

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 717 final.

Faoi iamh: COM(2023) 717 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2023
COM(2023) 717 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

Tuarascáil Bhliantúil 2023

**maidir le cur chun feidhme Ionstraimí Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais Eorpaigh
in 2022**

{SWD(2023) 357 final}

Clár

GEALLTANAIS DHOMHANDA	1
Réamhrá.....	1
Freagairt an Aontais ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine	2
An tAontas: gníomhaí láidir domhanda	4
Global Gateway.....	5
Forbairt inbhuanaithe a chothú	5
TOSAÍOCHTAÍ DOMHANDA.....	6
Forbairt an duine	6
An Comhaontú Glas	7
Digitiú, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.....	8
Fás agus poist inbhuanaithe	9
An imirce agus easáitiú éigeantais.....	9
Rialachas, síocháin, slándáil agus cearta an duine.....	10
RAON DOMHANDA	10
An Afraic Fho-Shahárach.....	10
An Áise agus an tAigéan Ciúin.....	10
Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib.....	11
Comharsanacht na hEorpa.....	12
Na Balcáin Thiar agus an Tuirc	13
Tíortha agus críocha thar lear	13

GEALLTANAIS DHOMHANDA

Réamhrá

In 2022, de réir mar a lean an domhan ag téarnamh ón bpaindéim COVID-19, bhí ar an bpobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim nua le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus a iarmhairtí. Chruthaigh fogha na Rúise móréigeandáil dhaonnúil, méadú ar phraghsanna bia domhanda - rud a rinne níos measa fós neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia - agus géarchéim fuinnimh fhadtréimhseach.

D'fhreagair an tAontas, trína ionstraimí gníomhaíochta seachtraí agus a gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, do thionchar an chogaidh trí mhéadú a dhéanamh ar a thacaíocht pholaitiúil, dhaonnúil agus airgeadais don Úcráin agus do thíortha comharsanacha, agus neartaigh sé a thacaíocht do chomhpháirtithe eile freisin, go háirithe na comhpháirtithe is lú forbairt agus is leochailí.

Leagtar amach sa tuarascáil sin na príomheilimintí de thacaíocht airgeadais an Aontais do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, do chabhair dhaonnúil, don bheartas eachtrach agus don mhéadú in 2022. Faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2021- 2027, comhtháthaítear le hionstraim aonair, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (NDICI - An Eoraip Dhomhanda), an chuid is mó d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh a bhí ann roimhe seo agus comhlánaítear í le roinnt ionstraimí spriocdhírthe amhail cabhair dhaonnúil agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) ¹..

In 2022, cuireadh tús le cur chun feidhme na **straitéise AE Global Gateway**² chun nascacht inbhuanaithe a threisiú trí infheistíocht bonneagair ar fud an domhain i gcúig réimse tosaíochta, bunaithe ar chur chuige 'Foireann na hEorpa'³. Faoin straitéis seo, ghlac an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach le pacáiste infheistíochta na hAfraice- na hEorpa⁴.

Mar chuid de Global Gateway, lean an tAontas de **Phleananna Eacnamaíochta agus Infheistíochta** do na réigiúin Chomharsanachta agus mhéadaithe a chur chun feidhme, dírithe ar chuideachtaí beaga agus meánmhéide agus ar an aistriú glas agus digiteach i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus ar an aistriú glas, ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ar nascacht agus ar thacaíocht don earnáil phríobháideach i gComharsanacht an Deiscirt.

Lean an tAontas ag soláthar **cabhair dhaonnúil** chun fulaingt na milliún duine is leochailí ar fud an domhain a mhaolú. In 2022, bhunaigh an tAontas an **Acmhainneacht freagartha daonnúla Eorpach** chun cur le cumas láithreach freagairt dhaonnúil a sholáthar ar thubaistí tobanna nádúrtha agus daonna.

Thacaigh cúnamh méadaithe an Aontais le forbairt tuaithe agus le hinfheistíocht i bpríomhréimsí amhail iompar, slándáil fuinnimh, agus na haistrithe digiteacha agus glasa. I mí an Mheithimh, d'aithin

¹ Chun mionsonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre cuid I, Réamhrá, a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil sin.

² https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/global-gateway_en

³ Acmhainní an Aontais a chomhcheangal le hacmhainní de Bhallstáit an Aontais agus d'institiúidí maoinithe forbraíochta an Aontais.

⁴ Féach Ich. 4

an Chomhairle Eorpach go luíonn todhchaí **na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia** laistigh den Aontas Eorpach, agus bhronn sí stádas iarrthóra **ar an Úcráin agus ar an Moldóiv**.

Lean an tAontas lena thacaíocht do **dhaonlathú agus do chearta an duine**, ag imscaradh sé mhisean breathnadóireachta toghcháin (an Cholóim, an Chéinia, an Liobáin, Leosóta, São Tomé agus Príncipe agus Tíomór Thoir) agus rinne sé misin leantacha in ocht dtír.

D'athdhearbhaigh an tAontas a thiomantas do **shlándáil dhomhanda**, agus thacaigh an tSaoráid Eorpach Síochána le síocháin i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta amhail Mósaimbíc, an Nígir, an Nigéir, an tSomáil, an Mholdóiv agus na Balcáin Thiar.

Lean an tAontas ar aghaidh ag tacú le tíortha chun iarmhairtí na paindéime COVID- 19 a shárú agus sheol sé **straitéis sláinte dhomhanda**⁵ nua chun slándáil sláinte dhomhanda a fheabhsú agus sláinte níos fearr a sholáthar do chách. D'fhreagair an tAontas freisin d'eipidéimí áitiúla eile, amhail ráigeanna nua Ebola agus calair agus an éigeandáil bolgaí moncaí.

In 2022, chuaigh an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) ar aghaidh i dtreo shíniú an Chomhaontaithe **'iar-Cotonou'**⁶. Idir an dá linn, cuireadh síneadh le Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou go dtí lár na bliana 2023.

Freagairt an Aontais ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine

Bhí freagairt an Aontais ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine aontaithe, diongbháilte, agus díreach. Cháin na 27 mBallstát agus a gcomhpháirtithe ar fud an domhain **an cogadh foghach gan chúis agus gan údar**, ag gníomhú go tapa chun an Rúis a leithlisiú go polaitiúil agus go heacnamaíoch. Cháin an tAontas freisin na sáruithe a tuairiscíodh ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Agus a thacaíocht gan staonadh don Úcráin á léiriú aige, mhéadaigh an tAontas tacaíocht pholaitiúil, dhaonnúil agus airgeadais don tír. Le linn 2022, i ndlúthchomhar leis an G7 agus le comhpháirtithe eile, ghlac an tAontas naoi bpacáiste smachtbhannaí gan fasach in aghaidh daoine agus eintiteas atá freagrach as an ionradh, ag spriocdhíriú ar phríomhearnálacha airgeadais, fuinnimh agus iompair na Rúise agus ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, agus bhí thart ar EUR 24,1 billiún de shócmhainní reoite san Aontas mar thoradh orthu.

Gníomhachtaíodh an **Treoir um Chosaint Shealadach** den chéad uair chun cosaint láithreach a sholáthar do bheagnach 4 mhiliún duine ar cuireadh iallach orthu teitheadh ón Úcráin (i dteannta breis agus 6,6 milliún duine easáitithe laistigh den Úcráin féin). Cuireadh cosc den chuid is mó ar gháinneáil ar dhaoine trí chomhphlean frith-gháinneála de chuid an Aontais a chur chun feidhme chun iad siúd a tháinig isteach san Aontas a chosaint.

Agus cur chuige 'Foireann na hEorpa' á ghlacadh aige, **shlóg an tAontas, a Bhallstáit agus a institiúidí airgeadais EUR 18,9 mbilliún⁷ i gcúnamh airgeadais**, i dtacaíocht bhuiséadach agus i gcabhair dhaonnúil. Slógadh EUR 3,1 bhiliún de thacaíocht mhíleata freisin trí Shaoráid Eorpach Síochána agus cuireadh misean cúnamh mhíleata de chuid an Aontais d'fhórsaí armtha na hÚcráine ar bun le buiséad de bhreis ar EUR 100 milliún. Tar éis don Úcráin an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a

⁵ https://health.ec.europa.eu/internationalcooperation/global-health_en

⁶ https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/european-development-policy/acp-eu-partnership_en

⁷ Gan an sciar de thacaíocht BEAF nach bhfuil cumhdaithe go díreach ag ráthaíochtaí AE a áireamh.

ghníomhachtú i mí Feabhra, seachadadh breis agus 80 000 tona de chúnamh comhchineáil in 2022, arbh fhiú EUR 502 mhilliún é.

Thacaigh EUR 330 milliún i gcistiú deontais le **freagairt éigeandála** i réimsí amhail tithíocht agus deisiúcháin bonneagair chriticiúil, lena n-áirítear faoi Lánaí Dlíthpháirtíochta AE- na hÚcráine, claochlú digiteach athléimneach agus cibearshlándáil, agus cur in aghaidh na bréagaisnéise. Athraíodh cuspóir clár eile de chuid an Aontais freisin, arbh fhiú beagnach EUR 200 milliún iad, chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an chogaidh.

Ba é EUR 10,1 bhilliún na heisiócaíochtaí iomlána de chúnamh AE⁸, agus EUR 7,2 bhilliún de sin i gcúnamh macra- airgeadais agus EUR 686 mhilliún i dtacaíocht bhuiséadach.

Bhí **sábháilteacht núicléach** ina mór-ábhar imní mar gheall ar iompraíocht mhífhreagrach na Rúise i saoraidí núicléacha na hÚcráine agus timpeall orthu. Shlóg an Coimisiún an Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach (EINS) chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar an scrios a tharla, go háirithe i gcrios eisiaimh Chernobyl. Áiríodh le tacaíocht an Aontais EUR 5 mhilliún do chúnamh déthaobhach chun cumais faireacháin a athbhunú agus ranníocaíocht EUR 5 mhilliún le Cuntas um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Chernobyl chun bonneagar a bhaineann le sábháilteacht núicléach a atógáil. Thacaigh EUR 3,4 mhilliún breise leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, lena n-áirítear a láithreacht ag suíomhanna criticiúla núicléacha san Úcráin.

Chuir imshuí na Rúise ar onnmhairí na hÚcráine agus scriosadh barraí dlús leis an ngéarchéim dhomhanda bia. Shroich líon na ndaoine a raibh **neamhshlándáil bhia** á fulaingt acu an leibhéal is airde riamh de thart ar 258 milliún in 2022⁹.

Ag baint úsáide as cur chuige cuimsitheach ‘Foireann na hEorpa’, mhéadaigh an tAontas a thacaíocht do **shlándáil bia** agus thacaigh sé leis na tíortha is mó a ndéantar difear dóibh san Afraic, sa Mheánoirthear, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, lena n-áirítear trí easpórtálacha na hÚcráine a éascú tríd na Lánaí Dlíthpháirtíochta AE-Úcráin. Ba cheart don fhreagairt aontaithe seo ar neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia thart ar EUR 18 mbilliún a shlógadh in 2021- 2024, agus EUR 8,3 bhilliún de sin ó Institiúidí an Aontais agus thart ar EUR 9,6 bhilliún ó na Ballstáit.. In 2022, d’eisíoc Institiúidí an Aontais thart ar EUR 2,6 bhilliún chun neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia a chomhrac, lena n-áirítear thart ar EUR 1 bhilliún i gcúnamh bia daonnúil¹⁰.

Mhéadaigh an tAontas na hiarrachtaí freisin chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas leasacháin ar bhonn domhanda ar cuireadh i dtábhacht é sa Teachtaireacht maidir le Leasacháin a foilsíodh i mí na Samhna¹¹.

⁸ Gan athrú cuspóra i dtreo gníomhaíochtaí a bhaineann le coinbhleacht a chur san áireamh.

⁹ <https://www.fsinplatform.org/global-report-food-crises-2023>

¹⁰ Áirítear leis an méid sin cabhair dhaonnúil le haghaidh tacaíocht bia, cothaithe agus maidir le slite beatha, chomh maith le 50 % de na cláir dhaonnúla ilchuspóireacha airgid (céatadán na n-aistrithe airgid ilchuspóireacha a mheastar a bheidh le caitheamh ar earraí bia, bunaithe ar staidéar a rinne Ard- Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) in 2023).

¹¹ [COM\(2022\) 590 final/2 an 9 Samhain 2022.](#)

An tAontas: gníomhaí láidir domhanda

I mbliain ina raibh an éiginnteacht ag méadú, d'fhan an tAontas ina fhórsa tiomána don iltaobhachas agus ina fhreagróir éifeachtach ar dhúshláin dhomhanda, ag saothrú beartas uailmhianach Comharsanachta, ag cur an dlúthpháirtíocht chun cinn agus ag forbairt comhpháirtíochtaí cuimsitheacha chun an tsíocháin, an chobhsaíocht, an daonlathas agus cearta an duine a dhaingniú agus a chur chun cinn.

D'athdhearbhaigh Ballstáit an Aontais freisin a ngealltanas chun freagracht níos mó a ghlacadh as slándáil agus cosaint na hEorpa, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun leasanna agus comhluachanna a chosaint.

Tá an tAontas agus a 27 mBallstát, i gcur chuige 'Foireann na hEorpa', fós ar an soláthraí is mó de chúnamh oifigiúil forbartha (ODA) i gcomhpháirt - le EUR 92,8 mbilliún de chúnamh in 2022¹², a chuimsíonn 43 % den ODA domhanda¹³ (méid atá comhionann le 0.59 % den ollioncam náisiúnta).

Mhéadaigh an tAontas agus a Bhallstáit cúnamh do thíortha comhpháirtíochta, ag áirithiú nach dtagann tacaíocht don Úcráin ar chostas na coda eile den domhan.

Bhí an chéad **Idirphlé Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe (NA)** faoi stiúir an Uachtaráin von der Leyen agus Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Guterres ar siúl i mí Iúil. Dheimhnigh sé ár gcomhchuspóirí agus an luach a bhaineann le bheith ag obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Slógadh an tAontas EUR 2,6 bhilliún i gcabhair dhaonnúil chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha na ndaonraí ar fud an domhain a ndéantar difear dóibh. Tá an tAontas Eorpach, na Ballstáit, BEI agus BEAF, i gcur chuige 'Foireann na hEorpa', fós ina bpríomhdheontóir daonnúil domhanda, lena n-áirítear 'éigeandálaí a ndearnadh dearmad orthu' ar nós gorta na Saiheile.

Lean an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis an **dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta i dtaobh COVID-19** le 502,2 mhilliún dáileog vacsaíne a roinneadh le tíortha comhpháirtíochta. Díobh sin, roinneadh 422 mhilliún dáileog trí COVAX agus 80,2 milliún dáileog ar bhonn déthaobhach.

Rinneadh dul chun cinn tapa ar chur chun feidhme tionscnamh Global Gateway ar **mhonaraíocht agus rochtain ar vacsaíní, leigheasanna agus teicneolaíochtaí sláinte san Afraic** agus fógraíodh tionscnamh chun tacú le hiarrachtaí comhchosúla i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib.

Lean an tAontas agus a Bhallstáit freisin de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus dúshláin chomhshaoil, agus tá an tAontas fós ar an soláthraí is mó ar domhan de mhaoiniú poiblí idirnáisiúnta aeráide le EUR 5,340 billiún i gcaitheamh na tréimhse 2021- 2022.

¹² Bunaithe ar réamhshonraí 2022 ó ECFE, a foilsíodh in earrach 2023.

¹³ Sainítear 'ODA domhanda' anseo mar ODA arna thuairisciú ag Ballstáit an Aontais i dteannta a chéile agus ag gach tír bhronntach eile.

Global Gateway

Le linn 2022, lean an Coimisiún, ag obair go dlúth le gníomhaithe eile i gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, de bheith ag cur na **straitéise Global Gateway**¹⁴ chun feidhme le seoladh mórphacáistí infheistíochta Global Gateway agus tionscnaimh Fhoireann na hEorpa.

Bhí an chéad chruinniú de **Bhord Global Gateway** ar siúl an 11 Nollaig, faoi chathaoirleacht an Uachtaráin von der Leyen agus a thug Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát le chéile.

Mar chéim thábhachtach chun an EUR 300 billiún atá beartaithe d’infheistíocht a shlógadh faoi 2027, shínigh an Coimisiún comhaontú ráthaíochta ar fiú EUR 26,725 bhilliún é leis an mBanc Eorpach Infheistíochta le haghaidh infheistíochta poiblí faoin **gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+)**. Ina theannta sin, leithdháil an Coimisiún EUR 8,45 bhilliún¹⁵ i ráthaíochtaí airgeadais a chumhdaíonn infheistíochtaí na hearnála príobháidí arna sannadh faoi CEFI+ chun tacú le 56 chlár infheistíochta atá beartaithe sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc, sna réigiúin Chomharsanachta agus san Afraic Fho-Shahárach, i Meiriceá Laidineach, san Áise agus san Aigéan Ciúin. D’fhéadfadh na ráthaíochtaí sin ón earnáil phríobháideach infheistíocht ar fiú níos mó ná EUR 67 mbilliún í a ghiniúint.

Áirítear ar na príomhinfeistíochtaí sa chéad bhliain sin den chur chun feidhme nascacht dhigiteach idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a threisiú, táirgeadh fuinnimh inathnuaite agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a mhéadú, rochtain ar mhaoiniú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus rochtain ar vacsaíní, leigheasanna agus teicneolaíochtaí sláinte a leathnú, mar aon le hacmhainneacht mhonaraíochta ina leith.

Mar an chéad sprioc insoláthartha den Global Gateway, d’fhógair an séú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach (AA) an 17-18 Feabhra pacáiste infheistíochta **Afraic-Eoraip**, a shlógfaidh infheistíocht ar fiú EUR 150 billiún ar a laghad í faoi 2027, lena n-áirítear EUR 28 mbilliún i ndeontais.

Sna réigiúin Chomharsanachta agus mhéadaithe, tá trí Phlean Eacnamaíochta agus Infheistíochta réigiúnacha ag cuidiú leis an Global Gateway - ina bhfuil 84 thionscadal suaitheanta - a chur chun feidhme, ag slógadh suas go dtí EUR 77 mbilliún d’infheistíocht faoi 2027. Cuirtear tionscadail bhonneagair ar mhórsála chun feidhme ar fud na mBalcáin Thiar agus Chomharsanachtaí an Oirthir agus an Deiscirt, amhail an chonair iarnróid VIII idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Bhulgáir, cábla leictreachais faoi fharraige na Mara Duibhe idir an tSeoirsia agus an Rómáin, agus cáblaí snáthoptaice fomhuirí Medusa a nascann Tuaisceart na hAfraice leis an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir agus an Phortaingéil.

Forbairt inbhuanaithe a chothú

Tosaíochtaí an Aontais maidir le gníomhaíochtaí forbartha – forbairt an duine; An Comhaontú Glas; fás inbhuanaithe agus poist chuibhiúla; digiteáil; neamhionannais, imirce; agus rialachas, síocháin agus slándáil – tacú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

¹⁴ https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/global-gateway_en

¹⁵ Leithdháil Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) EUR 6,05 bhilliún agus leithdháil an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus um Chaibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) EUR 2,4 bhilliún.

Chomhdhlúthaigh an tAontas agus a Bhallstáit a ngealltanais chun iad a bhaint amach, lena n-áirítear trí rolladh amach na straitéise **Global Gateway**, rud a chuireann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile trína tosaíochtaí infheistíochta.

In 2022 rinne an Coimisiún na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú go gníomhach i **gCreat de chuid AE maidir le Rialáil Níos Fearr**¹⁶.

TOSAÍOCHTAÍ DOMHANDA

Forbairt an duine

Mar gheall ar dhúshlán gan fasach, lena n-áirítear coinbhleacht, athrú aeráide, paindéimí sláinte agus an ghéarchéim dhomhanda chiúin san oideachas, rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt an duine a aisiompú agus tháinig méadú ar an neamhionannais le blianta beaga anuas. In 2022, mhéadaigh an tAontas iarrachtaí ina réimsí éagsúla gníomhaíochta.

Chuir an phaindéim COVID- 19 i dtábhacht an gá atá le cosc, ullmhacht agus freagairt níos fearr chun déileáil le géarchéimeanna sláinte amach anseo. Seoladh **straitéis sláinte dhomhanda nua de chuid AE**¹⁷ an 30 Samhain, mar chuid den straitéis Global Gateway, straitéis inar cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil córais sláinte feidhmiúla agus cuimsitheacha i bhfeidhm agus a thábhachtaí atá an gá aghaidh a thabhairt ar ullmhacht slándála sláinte, agus rochtain chothromasach ar vacsaíní, leigheasanna agus teicneolaíochtaí leighis a fheabhsú an tráth céanna, chomh maith le hacmhainneacht chun iad a tháirgeadh a threisiú. In 2022, gheall an tAontas EUR 715 mhilliún¹⁸ don Chiste Domhanda.

Lean an Coimisiún le **hidirghabhálacha cosanta sóisialta** i 10 dtír agus, trí dhá shaoráid dhomhanda, dhírigh sé ar chórais a thógáil, ar dhigitiú agus ar chlárú, agus ar scéimeanna sonracha cosanta sóisialta do mhná agus d'oibrithe neamhfhoirmiúla.

I gcomhréir lena Phlean Gníomhaíochta Inscne III, lean an tAontas de ghníomhaíocht dhaonnúil inscne- fhreagrúil agus **comhionannas inscne** a chur chun cinn. Chuir sé i dtábhacht saincheisteanna a bhaineann le mná, síocháin agus slándáil i bhfóiraim iltaobhacha agus réigiúnacha ábhartha agus in idirphléití déthaobhacha. Leanadh le feabhas a chur ar phríomhshruthú inscne trí mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta freisin.

Lean an tAontas ar aghaidh ag cosaint leanaí agus cearta leanaí ar fud an domhain, lena n-áirítear leanaí i gcoinbhleachtaí armtha. Agus é sin á dhéanamh aige, chomhlíon sé a ghealltanais faoi straitéis an Aontais um chearta an linbh do 2021- 2024¹⁹.

Agus iad ag déanamh ionadaíochta ar bhreis agus 1,8 bhilliún duine aonair, is príomhghníomhaithe don athrú iad daoine óga, ag cuidiú le sochaithe níos athléimní, níos cuimsithí agus níos rathúla a mhúnlú ar fud an domhain. I mí Dheireadh Fómhair, ghlac an Coimisiún an chéad **Phlean**

¹⁶ https://commission.europa.eu/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation_en

¹⁷ https://health.ec.europa.eu/internationalcooperation/global-health_en

¹⁸ Don tréimhse 2023- 2025.

¹⁹ https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/rights-child/eu-strategy-rights-child-and-european-child-guarantee_en

Gníomhaíochta don Óige i gcaidreamh seachtrach an Aontais²⁰ chun rannpháirt a thabhairt do dhaoine óga, chun iad a chumhachtú agus chun iad a nascadh ar bhonn domhanda.

Agus é seolta i mí na Bealtaine, tacaíonn **tionscnamh réigiúnach Foireann na hEorpa ‘Poist trí thrádáil agus infheistíocht’** i gComharsanacht an Deiscirt le cur chuige iomlánaíoch i leith cruthú fostaíochta trí thionscnaimh a thabhairt le chéile a nascann trádáil, infheistíocht agus fiontraíocht le cruthú fostaíochta agus forbairt caipitil dhaonna.

Lean **an t-oideachas** de bheith ina phríomhréimse i gcaidrimh sheachtracha an Aontais. D’oibrigh an tAontas chun an ceart chun oideachas a áirithiú do gach leanbh, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga a ndéanann coinbhleachtaí, géarchéimeanna agus éigeandálaí daonnúla difear dóibh. Leithdháil an tAontas 10 % dá bhuiséad um chabhair dhaonnúil ar oideachas i gcomhthéacsanna éigeandála. Aithníodh an tAontas Eorpach mar **churadh domhanda don oideachas** ag Cruinniú Mullaigh an Aontais um Athrú ar an Oideachas i mí Mheán Fómhair.

Dhírigh infheistíocht an Aontais ar mhúinteoirí, ar **chórais oideachais níos cothromasaí agus níos ionchuimsithí**, agus ar scileanna a chuirfidh ar a gcumas do na tíortha comhpháirtíochta an leas is fearr a bhaint as na haistrithe digiteacha agus glasa.

An Comhaontú Glas

Ag an 27ú comhdháil de na páirtithe do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an **Athrú Aeráide** (UNFCCC COP27), chuir an tAontas tionscnaimh mhóra i láthair chun tacú le tíortha comhpháirtíochta an t-athrú aeráide a mhaolú agus freagairt dó. I dteannta an Aontais Afracaigh, na Danmhairge, na Gearmáine, na Fraince agus na hÍsiltíre, sheol sé an tionscnamh Foireann na hEorpa ar oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht san Afraic, ag tabhairt le chéile cláir oiriúnaithe don athrú aeráide atá ann cheana agus ar fiú breis agus EUR 1 bhilliún iad.

Chun cuidiú le deireadh a chur le gual, shínigh an tAontas, lena chomhpháirtithe G7, **Comhpháirtíochtaí i ndáil le hAistriú Fuinnimh Cóir** (JETP) leis an Indinéis agus le Vítneam agus rinne sé dul chun cinn ar chur chun feidhme an JETP leis an Afraic Theas. Leis an nGearmáin, sheol an tAontas Eorpach ardán domhanda freisin do réigiúin ghuaill chun tacú le haistriú eacnamaíoch cóir trí eolas a roinnt agus trí líonrú.

Faoi dheireadh 2022, sholáthair an tAontas tacaíocht theicniúil do 29 dtír chomhpháirtíochta chun rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta agus Pleananna Oiriúnaithe Náisiúnta a dhearadh, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme. Trína idirphléití aeráide agus fuinnimh, chuaigh an tAontas i dteagmháil leis na Stáit Aontaithe, leis an India, leis an tSín agus le hastaíirí móra eile, maidir le beartais aistrithe fuinnimh, dea-chleachtais agus teicneolaíochtaí glasa chun forbairt fuinnimh inathnuaite a luathú agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn.

Bhí an tAontas gníomhach freisin i bhfórais iltaobhacha chun aistriú fuinnimh domhanda a bheadh ailínithe le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhrú chun cinn. Thacaigh sé le forbairt mhargadh domhanda hidrigine. Síndodh comhaontuithe déthaobhacha neamhcheangailteacha in 2022 leis an Úcráin, an Éigipt, an tSeapáin, an Namaib, agus an Chasacstáin chun an t-éileamh ar hidrigin inathnuaite a fhorbairt nó chun cur le **fuinneamh inathnuaite agus táirgeadh hidrigine**.

²⁰ https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/youth/youth-action-plan_en

Ghlac an COP15 um Bithéagsúlacht an Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 i mí na Nollag. D'athdhearbhaigh an tAontas a ghealltanas EUR 7 mbilliún a sholáthar mar thacaíocht don **bhithéagsúlacht** mar chuid dá chomhar seachtrach.

Ghlac an Coimisiún le **clár oibre nua AE do rialachas idirnáisiúnta aigéin**²¹ a léiríonn na tosaíochtaí a shocraítear faoin gComhaontú Glas don Eoraip.

Mhéadaigh an tAontas a rannpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta freisin chun tacú le **tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe (SCP)**, go háirithe an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cur chun feidhme SWITCH to Green [Aistrigh go Glas], lena n-áirítear cláir réigiúnacha san Áise, san Afraic, agus sa Mheánmhuir.

Sheol an Coimisiún an **tionscnamh Afraic- Eoraip um fhuinneamh glas** chun acmhainneacht giniúna fuinnimh inathnuaite a mhéadú faoi 300 gigeavata agus rochtain shlán a fháil ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa agus inbhuanaithe.

Tar éis seoladh an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán ag COP26, thacaigh an Aontas le forbairt na Faireachlainne Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin, arna bainistiú ag clár comhshaoil na Náisiún Aontaithe, le haghaidh bailiú sonraí mionsonraithe, forbairt acmhainne agus gníomhaíochtaí tacaíochta chun astaíochtaí meatáin a laghdú.

Digitíú, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht

Faoi Global Gateway, rinneadh dul chun cinn mór in 2022 ar chlár dhigiteacha, lena n-áirítear san Afraic Fho-Shahárach leis an Tionscadal Suaitheanta Sonraí, EurAfrica Gateway (cábalaí fomhuirí idirnáisiúnta) agus Cnámha Droma Réigiúnacha Snáthoptaice san Afraic (naisc réigiúnacha/trasteorann trastíre). Ina theannta sin, sheol an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager an chéad phacáiste geilleagair dhigitigh Global Gateway ar fiú EUR 820 milliún é sa Nigéir.

Seoladh brainse réigiúnach na hÁise agus an Aigéin Chiúin den ardán **Digital for Development Hub [Mol Digiteach don Fhorbairt] (Mol D4D)** ag an bhFóram Ind-Chiúin-Aigéanach i mí Feabhra. Bunaíodh brainse Mheiriceá Laidineach agus na Mara Cairibe i rith 2022, agus lean brainse na hAfraice ar aghaidh ag cur roinnt tionscadal suaitheanta chun feidhme amhail tionscadal Mol D4D an Aontais Afraice agus an Aontais Eorpaigh agus IDEA.

Rinneadh dul chun cinn i dtreo **Chomhghuaillíocht Dhigiteach AE- MLC** a sheoladh, le tacaíocht ón Mol D4D, maoiniú a fháil chun idirphlé beartais dhigitigh AE- MLC a bhunú, clár BELLA le haghaidh bonneagar digiteach a leathnú, luasaire digiteach a chruthú do ghnó, agus cur chun feidhme clár réigiúnach Copernicus.

Tionscnaíodh an dara céim den **Faireachán Domhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil agus don Afraic (GMES&Africa)**, an tionscnamh is suntasaí maidir le faire na Cruinne agus faireachán domhanda do chomhar comhshaoil agus slándála idir an Afraic agus an tAontas Eorpach.

Déantar foráil i bpacáiste infheistíochta Global Gateway Afraic- Eoraip maidir le trí thionscnamh suaitheanta ina ndíreofar go speisialta ar an eolaíocht, ar an teicneolaíocht agus ar an nuálaíocht chun

²¹ [JOIN/2022/28 final an 24 Meitheamh 2022.](#)

tacú le Clár Oibre Nuálaíochta an Aontais Afracaigh- an Aontais Eorpaigh, Lárionaid Réigiúnacha Barr Feabhais don aistriú glas, agus faire na Cruinne agus teicneolaíochtaí spáis.

Fás agus poist inbhuanaithe

In 2022, thacaigh an tAontas le fás inbhuanaithe agus ionchuimsitheach agus le cruthú post cuibhiúil i dtíortha comhpháirtíochta trí shlógadh an mhaoinithe phoiblí agus phríobháidigh a éascú. Foilsíodh an *Tuarascáil ar Infheistíocht i bhForbairt Inbhuanaithe*²² ar chur chun feidhme **Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa**.

Leathnaigh saoráid shaineolach an Aontais ar fhostaíocht, ar shaothar agus ar chosaint shóisialta (**SOCIEUX+**) a hoibríochtaí chuig tíortha na mBalcán Thiar le EUR 10 milliún i gcistiú.

Lean an Coimisiún ag iniúchadh **comhpháirtíochtaí straitéiseacha déthaobhacha ar shlabhraí luacha amhábhhar**, go háirithe le comhpháirtithe san Afraic (e.g., an Namaib), Meiriceá Laidineach, na Balcáin Thiar agus Lár na hÁise (e.g. an Chasacstáin), trí Mheabhráin Tuisceana.

I mí na Samhna, thug an Coimisiún caibidlíocht i gcrích le Poblacht Angóla maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú a chuideoidh le hinfheistíochtaí a mhealladh agus a leathnú agus gealltanais chomhshaoil agus cearta oibrithe á bpríomhshruthú an tráth céanna.

Deimhníodh sa *Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Trádchúnamh 2022*²³ gur chuidigh trádchúnamh an Aontais le tíortha comhpháirtíochta acmhainneacht trádála a mhéadú agus dul i ngleic leis an bpaindéim COVID- 19. Leanann an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ar na príomhsholáthraithe ar thrádchúnamh domhanda.

An imirce agus easáitiú éigeantais

Tháinig méadú ar líon na mbealaí imirce isteach san Aontas in 2022, go háirithe lár agus oirthear na Meánmhara agus bealaí na mBalcán thiar. Ar fud an domhain, shroich líon na ndaoine easáitithe go héigeantach 100 milliún den chéad uair, agus bhí na milliúin daoine breise easáitithe mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Agus a rannpháirtíocht chomhpháirteach á léiriú acu, sheol an tAontas agus a Bhallstáit i mí na Nollag dhá thionscnamh suaitheanta réigiúnacha de chuid Fhoireann na hEorpa chun bainistiú imirce a neartú, go háirithe feadh bhealaí imirce na Meánmhara láir agus thiar agus an Atlantaigh. I mí na Nollag, chuir an Coimisiún plean gníomhaíochta AE i láthair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin feadh bhealach na mBalcán Thiar.

In 2022, glacadh pacáiste breise EUR 310 milliún chun tacú le daonra easáitithe na Siria laistigh den tSiria agus do dhídeanaithe agus do phobail óstacha leochaileacha san Iaráic, san Iordáin agus sa Liobáin²⁴. Le chéile, tá an tAontas agus a Bhallstáit fós ar na deontóirí is mó mar fhreagra ar an

²² An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, *Infheistíocht i bhforbairt inbhuanaithe: tuarascáil ar dhul chun cinn 2018-2020*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2841/156351>

²³ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, *Trádchúnamh an Aontais: tuarascáil ar dhul chun cinn 2022*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2841/005862>

²⁴ Lena n-áirítear EUR 240 milliún i gcabhair dhaonnúil.

ngéarchéim seo. Shlóg **Comhdháil An Bhruiséil VI** ar **‘Tacaíocht a thabhairt do thodhchaí na Siria agus an réigiún’** gealltanais arbh fhiú EUR 6,4 bhilliún san iomlán iad.

Rialachas, síocháin, slándáil agus cearta an duine

Chuidigh gníomhaíocht an Aontais le hEoraip níos láidre ar domhan trí chur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, lena n-áirítear tacaíocht do thógáil na síochána agus na hathléimneachta, **athchóiriú ar an earnáil slándála agus forbairt acmhainne chun tacú le forbairt agus slándáil le haghaidh forbartha (CBDSD).**

San **Afganastáin**, dhírigh an tAontas ar chliseadh na tíre a chosc, ag cuimhneamh ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann laistigh agus lasmuigh den Afganastáin. Díríodh aird ar leith ar chearta na mban agus na gcailíní agus ar an gcomhionannas inscne. Bunaíodh an Fóram do Cheannairí Mná na hAfganastáine.

Lean an tAontas Eorpach de bheith ag tacú le cearta an duine agus leis an daonlathas agus iad a chur chun cinn ag baint úsáide as a uirlisí iltaobhacha, réigiúnacha agus déthaobhacha agus ag dul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta. Leis an nGréasán um Chearta an Duine agus um an Daonlathas (HRDN), chomheagraigh an tAontas **an 24ú Fóram AE-ENR um Chearta an Duine**²⁵, a dhírigh ar chuntasacht agus ar cheartas. Ina theannta sin, rinne an tAontas a thacaíocht don sásra ProtectDefenders.eu a athnuachan agus a mhéadú go suntasach, a thug tacaíocht in 2022 do níos mó ná 6 500 de na cosantóirí chearta an duine is mó i mbaol.

In 2022, leithdháil an Coimisiún EUR 170 milliún ar **Éimin**, atá fós ar cheann de na géarchéimeanna daonnúla is measa ar domhan. Tá na milliúin Éimineach easáitithe, dealbh agus míchothaithe.

RAON DOMHANDA

An Afraic Fho-Shahárach

Ghlac an **6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach** fíс chomhpháirteach do chomhpháirtíocht athnuaithe, arna comhlánú ag pacáiste infheistíochta Global Gateway. Tionóladh an **11ú cruinniú Coimisiún-go-Coimisiún** idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach an 28 Samhain agus chumhdaigh sé speictream iomlán an chomhair idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach.

Faoin gclár **Soghluaisteacht an Óige don Afraic**, bronnadh 36 thionscadal forbartha acmhainne Erasmus+ i 31 tír.

Shínigh an tAontas Eorpach agus an Namaib Meabhrán Tuisceana i mí na Samhna chun comhpháirtíocht straitéiseach a bhunú maidir le slabhraí luacha amhábhair inbhuanaithe agus hidrigin inathnuaite.

An Áise agus an tAigéan Ciúin

D’óstáil an tAontas an chéad **Chruinniú Mullaigh AE-ASEAN** (Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas) sa Bhruiséil i mí na Nollag, ag ceiliúradh 45 bliana de chaidreamh taidhleoireachta. Sheol an

²⁵ https://www.eeas.europa.eu/eeas/stop-impunity-%E2%80%93-road-accountability-and-justice_en

teagmhas idirphlé fuinnimh nua **AE-ASEAN** chun tacú leis an aistriú fuinnimh agus lánpháirtiú réigiúnach na gcóras fuinnimh agus na dtionscnamh Global Gateway lena slógtar EUR 10 mbilliún d'infheistíocht. Ag imeall an chruinnithe mullaigh, síníodh comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair leis an **Malaeisia** agus leis an **Téalainn**. Shínigh an tAontas agus ASEAN an Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair AE-ASEAN freisin i mí Dheireadh Fómhair, an chéad chomhaontú eitlíochta réigiún- go- réigiún riamh.

Ag an 28ú Cruinniú Mullaigh idir **an tAontas Eorpach agus an tSeapáin**, gheall an tAontas agus an tSeapáin dul i gcomhar chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a sheasamh agus chomhaontaigh siad an chéad chomhpháirtíocht dhigiteach de chuid an Aontais.

I mí Mheán Fómhair, eagraíodh an chéad Fhóram Hidrigine Glas idir an tAontas Eorpach agus an India chun tacú le rannpháirtíocht na hearnála poiblí agus príobháidí maidir le hidrigin a fhorbairt chun geilleagar na hIndia a dhícharbónú.

Ghníomhaigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go tapa chun tacú leis **an bPacastáin** tar éis tuilte i mí an Mheithimh a rinne difear do na milliúin duine.

In 2022, chuir tacaíocht bhuiséadach an Aontais ar a gcumas do 750 000 leanbh lasmuigh den scoil rochtain a fháil ar oideachas trí 25 309 lárionad foghlama sa **Bhangleidéis**.

Chuir **Comhdháil Nascachta AE- Lár na hÁise** in Samarkand tionscnaimh nascachta réigiúnacha chun cinn agus pléadh an gá atá le naisc iompair, dhigiteacha agus fuinnimh atá inbhuanaithe, iontaofa agus éifeachtúil a shainaithint idir an Eoraip agus an Áise Láir. D'fhógair an chomhdháil freisin seoladh tionscnamh um nascacht dhigiteach Global Gateway²⁶.

Tháinig borradh nua faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus **Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille** in 2022 le seisiún de chuid na Comhairle Comhpháirtí i mí Feabhra, a d'fhorhuinigh clár gníomhaíochta comhpháirteach uailmhianach 5 bliana. I mí na Bealtaine, ghlac an tAontas Eorpach Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le '*Comhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill*'²⁷.

Forbraíodh rannpháirtíocht i ndáil le hastaíochtaí meatáin a laghdú sa réigiún freisin trí chomhdhálacha sa Tuircméanastáin, i réigiún Oirdheisceart na hÁise agus sa tSín.

Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib

An 27 Deireadh Fómhair, tháinig Airí Gnóthaí Eachtracha **Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC)** agus an tAontas Eorpach le chéile den chéad uair ó bhí 2018 ann in Buenos Aires.

I mí na Nollag, thug an tAontas agus an tSile an **tArd-Chreat-Chomhaontú AE- an tSile** i gcrích, ag tabhairt cothrom le dáta an Chomhaontaithe Comhlachais déthaobhach reatha.

²⁶ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_22_6963

²⁷ [JOIN\(2022\) 13 final an 18 Bealtaine 2022](#)

An 22 Meitheamh, sheol an tUachtarán von der Leyen agus Pedro Sánchez, Príomh- Aire na Spáinne, **comhpháirtíocht nua AE- MLC** ar mhonaraíocht áitiúil vacsaíní, leigheasanna agus teicneolaíochtaí sláinte eile, agus ar athléimneacht na gcóras sláinte a neartú.

Lean géarchéim shocheacnamaíoch agus pholaitiúil **Veiniséala** le breis agus 14 mhilliún duine measta a bheith i ngátar agus níos mó ná 7 milliún Veiniséalach ag fágáil a dtíre. Thacaigh rannchuidiú an Aontais le hoibríochtaí faoisimh ilearnála i Veiniséala agus sa réigiún níos leithne le thart ar 3,1 mhilliún duine leochaileacha.

Comharsanacht na hEorpa

I gComharsanacht an Oirthir, ba é cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine an príomhtheagmhas in 2022, agus neartú ar an gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta an Aontais san Oirthear (An Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin). Choinnigh an tAontas a leibhéal méadaithe tacaíochta do mhuintir na Bealarúise ar bun freisin.

I mí na Nollag, d'athdhearbhaigh Airí Gnóthaí Eachtracha ó thíortha comhpháirtíochta an Aontais agus an Oirthir ábharthacht **clár oibre Chomhpháirtíocht an Oirthir**, agus iad ag aithint go bhfuil gá le cur chun feidhme a choigeartú i bhfianaise teagmhais reatha.

D'éascaigh an tAontas cainteanna síochána idir **an Airméin agus an Asarbaiseáin** agus rinne sé misean comhbheartas slándála agus cosanta a imscaradh chuig an Airméin, an chéad cheann do thír de chuid Eagraíocht Chonradh na Comhshlándála. Lean an tAontas freisin de bheith ag soláthar cabhair dhaonnúil don dá thaobh.

Neartóidh an Meabhrán Tuisceana ar fhuinneamh a síníodh leis **an Asarbaiseáin** i mí Iúil slándáil fuinnimh an Aontais agus tacóidh sé le haistriú glas na hAsarbaiseáine.

Trí thacaíocht láidir a thabhairt do shochaí shibhialta agus do mheáin neamhspleácha **na Bealarúise**, chuidigh an tAontas le rannpháirtíocht saoránach agus le gutha saora a chaomhnú i bhfianaise an bhrú faoi chois brúidiúil ag réimeas Lukashenko.

Sholáthar an tAontas tacaíocht láidir d'athléimneacht na Moldóive agus chuir sé dlús le comhar maidir le slándáil agus cosaint (lena n-áirítear comhar maidir le bagairtí hibrideacha, cibearshlándáil agus an bhréagaisnéis a chomhrac agus bearta cúnaimh d'fhórsaí armtha na Moldóive faoin Saoráid Eorpach Síochána). I mí an Mhárta, seoladh Idirphlé Ardleibhéil Polaitíochta agus Slándála. Lean an tAontas ar aghaidh ag soláthar bearta chun muinín a chothú chun iarrachtaí coinbhleachtaí a réiteach a spreagadh.

Sa **tSeoirsia**, chuidigh an tAontas le laghdú a dhéanamh ar leochaileacht na tíre i leith bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí agus thacaigh sé le nuachóiriú a fórsaí cosanta tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Lean sé de bheith gníomhach in iarrachtaí um réiteach coinbhleachta, mar shampla trí obair Ionadaí Speisialta an Aontais don Chugas Theas agus an ghéarchéim sa tSeoirsia agus misean faireacháin an Aontais.

Ag an gceathrú Cruinniú Aireachta idir an tAontas Eorpach agus Comharsanacht an Deiscirt a tionóladh in Barcelona an 24 Samhain, dheimhnigh an tAontas agus a chomhpháirtithe a ngealltanais chun naisc chomhpháirtíochta na Meánmhara a neartú. Gheall siad freisin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin

eacnamaíocha, shóisialta, chomhshaoil agus shlándála is práinní, ag díriú ar iarmhairtí fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine, go háirithe na himpleachtaí do shlándáil fuinnimh agus bia.

I mí Dheireadh Fómhair, síníodh an **Chomhpháirtíocht Ghlas idir an tAontas Eorpach agus Maracó**. Tá sé d'aidhm ag an gclár EUR 50 milliún *Énergie Verte* aistriú fuinnimh Mharacó a threisiú, agus tacaíonn an clár EUR 115 mhilliún '*Terre Verte*' le forbairt inbhuanaithe na foraoiseachta agus na talmhaíochta.

I mí na Samhna chuir an tAontas agus an Éigipt dlús lena gcomhar i dtaobh an aistrithe chuig fuinneamh glan trí Mheabhrán Tuisceana a shíniú a bhaineann le comhpháirtíocht straitéiseach maidir le hidrigin inathnuaite. Soláthraíonn comhaontú tríthaobhach leis an Éigipt agus le hIosrael an creat chun gás Iosraelach a sheachadadh chuig an Aontas trí acmhainneacht leachtaithe na hÉigipte.

Na Balcáin Thiar agus an Tuirc

In 2022, bhí an tAontas fós tiomanta do pheirspictíocht Eorpach an réigiúin a chur chun cinn agus, i mí Iúil, d'oscail an próiseas caibidlíochta leis an **an Macadóin Thuaidh** agus leis **an Albáin**. Deoníodh stádas iarrthóra freisin don **Bhoisnia agus an Heirseagaivéin** i mí na Nollag agus tháinig sé ar chomhaontú maidir le léirscaoileadh víosaí don Chosaiv²⁸. Ar an 6 Nollaig, tionóladh an **chéad Chruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar** i Tiorána.

Leanann an príomhchreat beartais do chistí IPA III de bheith na Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta agus an Clár Oibre Glas do na Balcáin Thiar, arna gcur chun feidhme trí **Chreat Infheistíochta na mBalcáin Thiar**. In 2022, formheasadh 40 clár suaitheanta, agus tá coinne leis go ndéanfaidh siad EUR 5,7 bhilliún d'infheistíocht a ghairáil.

Ba ghnóthachtáil mhór i mí na Samhna í glacadh go tapa le **pacáiste tacaíochta fuinnimh EUR 1 bhilliún do na Balcáin Thiar** mar fhreagra ar an ngéarchéim fuinnimh.

Óstálann **an Tuirc** an daonra dídeanaithe is mó ar domhan. Trí dhá chlár suaitheanta daonnúla, sholáthair an tAontas cúnamh airgid do bheagnach 1,5 mhilliún duine agus thacaigh sé le breis agus 800 000 leanbh agus a dteaghlaigh rochtain a fháil ar oideachas.

Tíortha agus críocha thar lear

Coinníonn na tíortha agus críocha thar lear naisc bhunreachtúla speisialta ar bun le trí Bhallstát: An Danmhairg, an Fhrainc agus an Ísiltír.

D'óstáil an Nua-Chaladóin an **19ú Fóram Bliantúil idir an tAontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear** an 22 Samhain. Imríonn tíortha agus críocha thar lear ról atá ag éirí níos straitéisí don Aontas, is ambasadóirí tábhachtacha de chuid an Aontais iad ina gcuid réigiún agus tugann siad sócmhainní suntasacha leo, amhail limistéir ollmhóra eacnamaíocha eisiacha.

Sa Mhuir Chairib, cuidíonn an **Clár 'RESEMBID'** le gach tír agus críoch thar lear sa réigiún le tógáil athléimneachta, fuinneamh inbhuanaithe agus bithéagsúlacht mhuirí. Chuaigh obair bithéagsúlachta

²⁸ Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

chun tairbhe do ghnáthóga i 6 tír agus chríoch thar lear agus thart ar 400 000 saoránach agus cónaitheoir.